

Ceartha Oideachais

Aighneacht i leith an Bhille Oideachais (Ligeán Isteach i Scoileanna), 2016

Achoimre Fheidhmeach

Is mionlach beag i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht iad teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge; ach tá ról riachtanach acu i dtacú le foghlaim páistí eile. Is minic constaicí a bheith roimh theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge agus bíonn siad ag streachailt le teacht ar sheirbhísí riachtanacha i dteanga a dteaghlaigh. Tá sé ríthábhachtach mar sin go mbeidh siad in ann teacht ar oideachas i dteanga a dteaghlaigh agus níor chóir go gcuirfeadh an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 a thuilleadh constaicí rompu. Áitíonn Cearta Oideachais – grúpa tuismitheoirí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu – gur chóir an Bille a leasú le haitheantas a thabhairt don chleachtas bunaithe i mórán Gaelscoileanna, is é sin tosaíocht a thabhairt do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu. Ní amháin go dtéann an cleachtas seo chun tairbhe na ndaltaí seo, ach freisin chun tairbhe an scoilphobail iomláin ó thaobh an oideachais agus tacaíocht don Ghaeilge. Tá sé seo ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta ar thacú le teanga neamhfhorleathan. Is éard atá san aighneacht iniata ná tograí le haghaidh leasuithe in éineacht leis an mbunfhianaise agus ábhar tacaíochta do thograí den sórt sin.

1 Réamhrá

1.1 Cúlra

Is í aidhm Chearta Oideachais a chinntiú go mbeidh teacht i gcónaí ar oideachas trí mheán na Gaeilge ag páistí arb í an Ghaeilge teanga a dteaghlaiigh agus go mbeadh sé mar chuid de cibé athchóiriú a chuirtear i bhfeidhm ar an bPolasaí i leith Iontráil chun Scoileanna.

Creideann Cearta Oideachais gur chóir go mbeadh scoileanna lán-Ghaeilge in ann foráil a dhéanamh ina bpolasaí iontrála do theanga teaghlaiigh páistí a labhraíonn an Ghaeilge. Lena rá ar bhealach eile, ba chóir go dtabharfaí an deis do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge freastal ar scoil lán-Ghaeilge.

Creideann Cearta Oideachais freisin gur chóir do dtabharfaí an cead d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt ina bpolasaí iontrála do pháistí ar aithin bunscoil lán-Ghaeilge ina leith an Ghaeilge a bheith mar theanga teaghlaiigh acu. Molaimid é seo ar mhaithe leis an gceart chun oideachas trí mheán na Gaeilge a dhaingniú do pháistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, agus an ceart seo a bheith acu an bealach ar fad tríd an gcóras oideachais chun dheireadh a n-oideachas iar-bhunscoile.

1.2 Ár gCuid Moltaí

Tá Cearta Oideachais ag iarraidh an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 a leasú chun forálacha a chur san áireamh le ligean do scoileanna lán-Ghaeilge:

1. tosaíocht a thabhairt do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge;
2. measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachasúla agus theangeolaíocha páistí iarratasóra as teaghlaiigh lán-Ghaeilge.

Maidir le hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, ba chóir go dtabharfaí cead d'údaráis scoileanna:

3. tosaíocht a thabhairt do dhaltáí a bhfuil sé deimhnithe ag bunscóil lán-Ghaeilge roimhe seo ina leith gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh.

In Aguisín 1 tá dréacht-leasuithe ar an mbille molta againn a áitimid go mbainfidh siad na cuspóirí seo amach.

1.3 Na Príomhargóintí i bhfábhar Mholtaí Chearta Oideachais.

- Chun inmhathanacht na Gaeilge a chinntiú, tá sé ríthábhachtach go dtugtar tacaíocht don ghlúin is óige cainteoirí dúchais agus do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge. Is polasaí Rialtais é seo (an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge).
- I mbunscoileanna lán-Ghaeilge, fiú, is mionlach fíorbheag iad páistí ó theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge. Ar an meán, is ó chúdraí ina labhraítear an Ghaeilge iad níos lú ná 5% de dhaltáí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Ní constaic roimh chur chun cinn na hilchineálachta cultúrtha agus sóisialta sna scoileanna seo é cosaint a thabhairt do chearta oideachais an mhionlaigh bhig seo páistí.
- Páistí a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu, tógann siad ar fhoghlaim teanga páistí eile. I scoileanna lán-Ghaeilge, is áis thábhachtach iad na páistí seo do phiaraí nach í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh.
- Dearbhaítear sa taighde idirnáisiúnta i réimse an tsealbhairthe teanga agus na sochtheangeolaíochta go bhfuil an t-oideachas trí mheán na mionteanga ríthábhachtach do pháistí mionteanga ionas go mbainfidh siad amach an dátheangachas suimitheach nó an chomh-inniúlacht sa mhionteanga agus sa mhóртеanga.
- Tá sé aitheanta go seasmhach ag comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil Éire mar bhall díobh, mar shampla na Náisiúin Aontaithe agus Comhairle na hEorpa, go bhfuil dualgais ar stáit

oideachas trí mheán na máthairtheanga a chur ar fáil do mhionlaigh dúchais theangeolaíocha.

- Aon fhorálacha a dhéanadh leithcheal ar pháistí a labhraíonn an Ghaeilge, ar grúpa mionlaigh iad sa sochaí agus sa chóras oideachais araon, tá na forálacha úd i gcoinne spiorad an iolrachais agus na hilchultúrthachta a mheastar a ghabhann leis an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna).
- Bíonn constaicí de shíor roimh theaghlaigh a thógann a bpáistí le Gaeilge i dtaca le teacht ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge. Trí chinntiú go bhfaighidh páistí a bhfuil Gaeilge acu a gcuid bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge, tugtar comhionannas do na páistí agus dearbhú nach mbeidh orthu a gcuid oideachais a fháil trí mheán an Bhéarla.
- Le todhchaí na Gaeilge a chinntiú, ní mór an Ghaeilge a choinneáil mar theanga teaghlaigh agus ní mór go dtacódh polasaí an Rialtais leis seo.

Tá tuilleadh sonraí ar na hargóintí thuas inár n-aighneacht leis seo. Iarraimid go gcuirtear ár n-aighneacht iomlán san áireamh agus an polasaí á leagan amach i leith an Bhille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016.

1.4 Cé muid?

San áireamh in Cearta Oideachais, tá:

- Siobhán Nic Gaoithín, Oifigeach na Gaeilge, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- An Dr. Ríona Ní Fhrighil, Léachtóir, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;
- An Dr. Pádraig Ó Duibhir, Déan Feidhmeach (Gníomhach), Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Colmán Ó Drisceoil, Príomhoide Scoil Lorcáin, Baile na Manach, Co. Bhaile Átha Cliath
- Rónán Ó Muirthile, Léachtóir & Cathaoirleach Cláir sa Scoil Náisiúnta Scannánaíochta, Dún Laoghaire & Léiritheoir Craoltóireachta
- Páraic Ó Cualáin, Oifigeach Teicneolaíochta, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.
- Barbara Uí Mhuirthile, Múinteoir Nuatheangacha, Coláiste Naomh Mícheál, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath.
- Conall Ó Móráin, Stiúrthóir Bainistíochta The Media Group agus Craoltóir ar Today FM
- Feargal Ó Cuilinn, Bainisteoir Tionscadail, Glór na nGael

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag ceartaoideachais@gmail.com

Tuilleadh eolais ag www.facebook.com/CeartaOid

2 CEARTA OIDEACHAIS – ÁR nAIGHNEACHT CUIMSITHEACH

2.1 Cúlra don Bhille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 agus an grúpa Cearta Oideachais

Is grúpa tuismitheoirí muid Cearta Oideachais atá ag tógáil ár bpáistí le Gaeilge. Tháingamar le chéile ar an ábhar imní go raibh athruithe á ndéanamh ar pholasaithe iontrála atá molta ag iar-Aire Oideachais agus Scileanna, athruithe a chuirfeadh cosc ar pháistí atá á dtógáil le Gaeilge teacht ar oideachas trí mheán na Gaeilge. An tuairim atá againn ná más mian linn, mar shochaí, an Ghaeilge a choinneáil mar theanga labhartha, go gcaithfí páistí a thógáil le Gaeilge. Ní féidir é seo a dhéanamh go rathúil ach amháin má chuirtear oideachais trí mheán na Gaeilge orthu. Is é an tuairim seo atá mar bhunús ag ár n-iarrachtaí.

D'fhoilsigh an tAire ag an am in 2001, Ruairí Quinn, an phlécháipéis 'Discussion Paper on a Regulatory Framework for School Enrolment', agus thug cuid dá bharúlacha poiblí le fios go mbeadh foráil ann a chuirfeadh cosc ar scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt ina bpolasaí iontrála do pháistí a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh. Baineadh an fhoráil seo ina dhiaidh sin ó na dréachtrialacháin a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2013. Dhealraigh sé, áfach, go bhféadfadh sé bheith mar thoradh ar na rialacháin mar a dréachtaíodh iad, go gcuirfí cosc ar pháistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge oideachas a fháil ina máthairtheanga. Níl sé soiléir an mbeidh cead ag Gaelscoil, faoi na rialacháin mholta, critéir a áireamh ina bpolasaí iontrála a thabharfadh tosaíocht do pháistí a bhfuil an Ghaeilge ar cheann de príomhtheangacha a dteaghlaigh.

Thug an Comhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Sóisialach cuireadh do dhaoine aonair agus do ghrúpaí ar leas leo a dtuairim a thabhairt i dtaobh na reachtaíochta molta ar iontrálacha chun scoileanna. Chuireamar aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste agus ghlacamar le cuireadh teacht ina láthair i mí na Samhna 2013. Ba chosúil gur ghlac an Comhchoiste lenár n-imní ina dtuarascáil a foilsíodh i mí na Bealtaine 2014 inar moladh:

Gur gá a chur san áireamh sa reachtaíocht mholta an gá atá le caighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge a chosaint agus a chinntiú araon nach dtarlaíonn aon leithcheal i dtaca le hiontrálacha.

D'fhéadfadh an reachtaíocht mholta

an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur san áireamh trí chuimhneamh ar thosaíocht ard a thabhairt ina bpolasaí iontrála don chéatadán beag páistí scoile ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad (taobh amuigh den Ghaeltacht).

Ar 8 Iúil 2016, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, an Bille Oideachais (Iontráil ar Scoileanna), 2016. Tá Cearta Oideachais buartha go ligfeadh an bille don Aire Oideachais cosc a chur go héifeachtach ar scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt ina bpolasaí iontrála do pháistí a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh. An t-alt cuí sa bhille is ea alt 64 a ligeann don Aire cosc a chur i bpolasaithe iontrála scoile ar riachtanas 'go mbeadh sé mar choinníoll iontrála go bhfreastalódh dalta, nó tuismitheoirí dalta, ar agallamh, ar lá oscailte nó ar chruinniú ar bith eile.' Chuirfeadh sé seo cosc ar scoileanna lán-Ghaeilge páistí a aithint arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh le cinntiú go bhfaighidh siad rochtain ar bhunoideachas trí Ghaeilge. Tugann an t-alt seo cead don Aire cosc a chur ar scoil úsáid a bhaint as critéir maidir le 'cumas acadúil, scileanna, nó inniúlacht dalta' mar chuid den phróiseas iontrála. Táimid buartha go bhféadfaí ciall a bhaint as an gclásal go bhfuil feidhm aige le cumas páiste ó theaghlach lán-Ghaeilge a dteanga teaghlaigh a labhairt.

Ar ábhar a bhaineann leis seo, ar 29 Iúil 2016, sheas an Ardchúirt le ceart Scoil Lorcáin, bunscoil lán-Ghaeilge i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, tosaíocht a thabhairt ina polasaí iontrála do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge. Fuarthas sa bhreithiúnas go raibh sé réasúnta go mbeadh an scoil ag súil leis go mbeadh tuismitheoir agus dalta bheith in ann caighdeán áirithe Gaeilge a léiriú leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.

Is éard a leanas ná leagan nuashonraithe d'aighneacht Chearta Oideachais a dhéanann achoimre ar an bhfáth gur cheart d'Éirinn aitheantas agus cosaint a thabhairt do chearta oideachasúla páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad.

2.2 Cearta Oideachais

Murab ionann agus Eaglais na hÉireann ná an Eaglais Chaitliceach ag iarraidh a gceart a bhunú i leith rollú tosaíochta i scoil creideamh-bhunaithe, níl a mhacasamhail de theastas baiste ag páistí a thógtar le Gaeilge le cruthú gur cainteoirí dúchais iad. D'uireasa teastas údarásach tríú páirtí, is gá do roinnt Gaelscoileanna atá ró-shuibscríofa bualadh leis na páistí seo agus lena dtuismitheoir nó tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu le deimhniú gur cainteoirí dúchais Gaeilge iad go cinnte. Agus an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 mar atá sé dréachtaithe, áfach, d'fhéadfaí go ndícheadófar an cleachtas seo, rud a dhéanfadh dodhéanta é polasaí a chur i bhfeidhm a thabharfadh tosaíocht i bpolasaithe iontrála do pháistí ó chúlraí ina labhraítear an Ghaeilge.

Chun amhras a sheachaint, tugaimid faoi deara go mbaineann an tsaincheist seo le Gaelscoileanna nó le scoileanna lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, agus nach mbaineann sé le gnáthscoileanna áitiúla i gceantair Ghaeltachta ina múintear trí mheán na Gaeilge.

An príomhábhar imní atá orainn ná cearta ár bpáistí – baill de mhionlach dúchasach teangeolaíoch agus cainteoirí dúchais na chéad teanga náisiúnta – oideachas a fháil ina gcéad teanga, agus litearthacht agus inniúlacht iomlán oibre a bhaint amach sa teanga sin.

Baineann an cheist le mionlach beag de pháistí an stáit, ar mionlach iad fiú taobh istigh de Gaelscoileanna. Léiríonn ár dtaighde gur páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge iad réimse céatadán idir 0% agus 10% de pháistí i nGaelscoileanna – agus meánchéatadán de 3% – rud is ionann agus páiste amháin i ngach rang de 30 páistí.

Creidimid go bhfuil réiteach féideartha ar an gceist seo aitheanta againn, a bhfuil achoimre déanta againn air thíos.

2.3 Polasaí Athraithe Iontrála

Ar an gcéad dul síos, tacaímid le agus fáiltímid go mór roimh iarrachtaí athchóiriú a dhéanamh ar an bpolasaí iontrála do scoileanna in Éirinn. Tá an suíomh reatha dochosanta agus éagórach ar gach uile pháiste agus teaghlach. Táimid freisin ag iarraidh go bhfreastalódh ár bpáistí ar scoileanna in éineacht le páistí ón uile chineál cúlra, creideamh, eitneachas agus cumas. Tá an suíomh reatha deacair go speisialta ar theaghlaigh a bhog go ceantar le páistí níos sine agus a fhaigheann beagnach dodhéanta é áiteanna a fháil i scoileanna áitiúla.

Tá an scéal á insint, áfach, go bhfuil Gaelscoileanna agus tuismitheoirí na bpáistí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge 'éilíteach' agus go mbaintear úsáid as an teanga mar modh chun scagadh a dhéanamh ar pháistí ar mian leo freastal ar an scoil. Is cinnte nach é seo an scéal le Cearta Oideachais. Is é mhalairt atá fíor, i ndáiríre. Tá súil againn go mbreathnaítear ar Ghaelscoileanna mar scoileanna oscailte, fáilteacha, iolraíocha ina gcur chuige i leith iontrála agus go gcinntítear gur mó an ilghnéitheacht i saol na scoile toisc cainteoirí dúchais Gaeilge bheith ag freastal ar Ghaelscoileanna.

D'fháilteodh Cearta Oideachais agus thabharfaimis tacaíocht do bhearta chun dul i ngleic le braistint go bhfuil 'éilíteachas' i nGaelscoileanna, agus do bhearta chun ilghnéitheacht a mhéadú sna scoileanna seo. Creidimid nach bhfuil gá le cearta mionlaigh a mhaolú – an pobal beag teaghlaigh lán-Ghaeilge – ar mhaithe le cearta mionlaigh eile a chur chun cinn. Mar shampla, tá aghaidh tugtha ar an gceist seo i Scoil Chaitlín Maude i mBaile Átha Cliath trí fhoráil a chur ar fáil ina bpolasaí iontrála chun idirdhealú dearfach a dhéanamh i bhfabhar páistí ó mhionlaigh eile – beartas a chuireann an ilghnéitheacht agus an chuimsitheacht chun cinn gan páistí ón bpobal mionlaigh lán-Ghaeilge a chur as an áireamh.

Creidimid nár chóir breathnú ar an rud cearta a thabhairt do pháistí arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh freastal ar Ghaelscoil, mar mhodh chun páistí ó aon chúlra a choinneáil amach. Tá tuismitheoirí ann nach Éireannaigh iad ach a bhfuil an teanga foghlamtha acu agus atá á tabhairt chuig an gcéad ghlúin eile. Tá teaghlaigh eile ann ina labhraíonn tuismitheoir Éireannach Gaeilge leis na páistí agus a labhraíonn an tuismitheoir neamh-Éireannach teanga eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla leo. Is minic cónaí ar thuismitheoirí a tógadh taobh amuigh d'Éirinn i sochaí dátheangach nó ilteangach agus taithí acu ar an ilghnéitheacht teanga a chuireann Gaelscoileanna chun cinn. Tá súil againn go dtiocfaidh méadú ar líon na dteaghlach den chineál seo de réir mar a dhaingnítear an ilghnéitheacht cultúir i sochaí na hÉireann.

Is moladh don ilghnéitheacht teanga é cinneadh tuismitheora páistí a thógáil le Gaeilge i sochaí an lae inniu. Tuismitheoirí a dhéanann an choimitmint seo, is cinnte go gcuireann siad fáilte roimh a thuilleadh ilghnéitheacht teanga agus chultúir i ndaonra Gaelscoile, ar an mbunús go ndéanann sé normalú ar an ilghnéitheacht ó dhearcadh an pháiste, is é sin nach labhraíonn gach duine an Béarla amháin mar a gcéad teanga in Éirinn.

2.4 An Suíomh Reatha

In 2013 rinne Cearta Oideachais suirbhé ar na polasaithe iontrála san oiread Gaelscoil agus ab fhéidir teagmháil a dhéanamh leo sa Stát. Léiríonn ár dtaighde go bhfuil réimse leathan cur chuige i leith cheist na gceart oideachais ag páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge i bpolasaithe iontrála Gaelscoileanna. Ar thaobh amháin den speictream tá Gaelscoileanna a thugann an tosaíocht is airde do pháistí dá leithéid thar gach uile chineál catagóir eile iarratasóirí, agus ar an taobh eile den speictream tá Gaelscoileanna nach dtugann tosaíocht ar bith do pháistí dá leithéid, agus tá neart roghanna eile ann idir eatarthu. Is féidir, áfach, na cuir chuige éagsúla a bhriseadh síos i dtrí phríomhchatagóir.

1. Scoileanna a shonraíonn go soiléir ina bpolasaí iontrála go dtabharfar tosaíocht ar leith do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge agus áiteanna a dháileadh i gcás ró-éileamh. Tugtar leibhéal éagsúla tosaíochta do na páistí seo ó scoil go scoil. Is gnách go sonraítear sa pholasaí iontrála go bhféadfaí gur gá freastal ar chruinniú ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh gur cinnte go bhfuil an páiste á thógáil le Gaeilge. Is foráil sách teoranta é seo toisc an líon fíorbheag páistí dá leithéid, mar a sonraíodh roimhe seo. Is gníomhaíocht sách oibiachtúil é cinneadh a dhéanamh an labhraíonn an páiste réamhscoile an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh ar an ábhar nach mbeadh Gaeilge líofa ag páistí dá leithéid murar shealbhaigh siad ón teaghlach í.
2. Gaelscoileanna a bhfuil an tosaíocht den chineál 'éiteas Gaeilge' ina bpolasaí iontrála. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé i gceist tosaíocht a thabhairt do theaghlaigh bunaithe ar chumas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge nó bunaithe ar 'tacaíocht a thabhairt' nó 'suim a chur' sa 'Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach' agus is gnách go mbíonn agallamh leis na tuismitheoirí i gceist. Páistí a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh, tabharfar tosaíocht dóibh faoi fhorálacha dá leithéid agus freisin tá buntáiste ann do chuid leathan den daonra.

Tá idir fhorálacha chineál 1 agus chineál 2 sna polasaithe iontrála i roinnt Gaelscoileanna.

3. Tá mionlach Gaelscoileanna ann nach dtugann tosaíocht ar bith bunaithe ar chumas labhartha Gaeilge ná ar shuim sa teanga. D'inis cuid mhaith de na scoileanna seo dúinn gur beag an smaoineamh a rinne siad ar an ngné seo dá bpolasaí iontrála toisc go bhfuil

siad lonnaithe i gceantair nach bhfuil aon teaghlaigh lán-Ghaeilge iontu, nó toisc nár mhó riamh an t-éileamh ná an soláthar d'áiteanna sa scoil.

Níl ró-éileamh ar áiteanna ach in 22% de Ghaelscoileanna bunleibhéil agus in 28% de Ghaelcholáistí faoi láthair.

Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé iomláin ar Ghaelscoileanna Bhaile Átha Cliath, atá bunaithe ar fhreagraí ó gach aon cheann de na 21 scoil, léirítear go raibh forálacha ag 18 scoil, nó ag 86%, de na scoileanna, rud a thabharfadh cineál éigin tosaíochta do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge. Ní raibh ach 2 scoil, nó 14%, ann nach raibh a leithéid d'fhoráil acu.

Polasaithe iontrála Gaelscoileanna – Baile Átha Cliath

Tosaíocht do pháistí atá á thógáil le Gaeilge amháin	Cineál tosaíochta bunaithe ar éiteas Gaeilge	An dá chineál tosaíochta	Gan tosaíocht
9	2	7	3
42%	9.5%	33%	14%

Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé neamhiomláin náisiúnta, atá bunaithe ar fhreagraí ó 77 as 124 Gaelscoil, léirítear go raibh forálacha ag 58 scoil, nó ag 7% de na scoileanna, rud a thabharfadh cineál éigin tosaíochta do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge.

Polasaithe iontrála Gaelscoileanna go náisiúnta

Tosaíocht do pháistí atá á thógáil le Gaeilge amháin	Cineál tosaíochta bunaithe ar éiteas Gaeilge	An dá chineál tosaíochta	Gan tosaíocht
43	5	10	19
56%	6.5%	13%	24.5%

Den chuid is mó, cinntíonn an staid reatha go dtugtar rochtain ar oideachas lán-Ghaeilge do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge, cé go dtuigimid go bhfuil cásanna ann nár éirigh le páistí dá leithéid áiteanna a fháil i nGaelscoil chúí agus b'éigean dóibh freastal ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Mura bhfuil Gaelscoileanna in ann polasaí a chur i bhfeidhm a thabharfadh tosaíocht do pháistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge, tiocfaidh méadú ar líon na bpáistí dá leithéid nach mbeidh in ann rochtain a fháil ar oideachas trí mheán na Gaeilge.

2.5 Cearta Oideachais Mionteanga – An Comhthéacs Idirnáisiúnta

Dá gcruthófaí suíomh ina gcuirfí iallach ar pháistí ón bpobal mionlaigh labhartha Gaeilge in Éirinn freastal ar scoileanna mórtheanga, bheadh Éire ag dul i gcoinne na béime méadaithe sa dlí idirnáisiúnta ar chearta teangeolaíocha agus cearta mionlaigh eile.

Dúirt Kishore Singh, Rapórtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Chearta chun Oideachais: "Is tríd an máthairtheanga is ea is fearr a fhoghlaimíonn páiste, go háirithe ag céim luath san oideachas, agus i measc grúpaí mionlaigh teangeolaíocha. Aithnítear an ceart chun oideachas trí mheán na máthairtheanga nó na teanga dúchais i roinnt ionstraimí idirnáisiúnta. Faoi fhorálacha an Fhorógra ar Chearta an Duine a Bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta, Eitneach, Creidimh agus Theangeolaíocha (1992), iarrtar ar Stáit bearta cuí a thógáil ionas go mbeidh, nuair is féidir, daoine de chuid mionlach in ann deiseanna cuí a fháil a máthairtheanga a fhoghlaim nó teagasc a fháil ina máthairtheanga. Tá forálacha don oideachas sa mháthairtheanga i roinnt coinbhinsiún idirnáisiúnta, is iad sin, Coinbhinsiún na mBundúchasach agus na dTreibheanna (1989), An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (1989) agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta gach Oibrí Imirceach agus Cearta Daoine dá Theaghlach a Chosaint (1990). Tá an dá Choinbhinsiún dheireanacha seo daingnithe ag Éirinn agus bheadh cuma pharadacsúil air go mbeadh na háiseanna againn in Éirinn foráil a dhéanamh le cinntiú go mbeadh meas againn ar cheart a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus ansin reachtaíocht a thabhairt isteach a chuirfeadh cosc ar an gceart seo do chuid dár mionlach labhartha Gaeilge.¹

Faoin gCairt Cheanadach um Chearta agus Saoirsí, tá ceart dlíthiúil chun bunoidreachais agus iarbhunoidreachais trí mheán na Fraincise ag páistí arb í an Fhraincis a dteanga teaghlaigh agus a bhfuil cónaí orthu i limistéir arb é an Béarla an teanga mhóraithe. Tá an ceart céanna ag páistí arb é an Béarla a dteanga teaghlaigh agus a bhfuil cónaí orthu i limistéir arb í an Fhraincis an teanga mhóraithe. Is faoi na limistéir féin agus dúichí féin atá sé an cinneadh a dhéanamh maidir leis an modh a úsáidtear le cinntiú gur cainteoir Fraincise é páiste chun cuspóirí an chearta thuas a chur i bhfeidhm. Tá coinbhinsiúin dhlíthiúla sách casta bunaithe le fada in Ontario agus in Québec chun cinneadh a dhéanamh an 'sealbhóir cearta Fraincise' nó 'sealbhóir cearta Béarla' duine chun cuspóirí rochtana ar oideachas trí theanga mhionlaigh. Ón uair a

¹ <http://www.unesco.org/new/en/education/themes/strengthening-education-systems/languages-in-education/international-mother-language-day/articles-imld-2012/>

dheimhnítear an ceart seo is féidir é a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. D'fhéadfadh sé go bhfuil sé ró-uaimhianach córas casta den sórt seo a bhunú i gcomhthéacs na hÉireann.

Tá modh i bhfad níos simplí i bhfeidhm i limistéar New Brunswick chun cearta oideachais teanga mionlaigh a chinntiú, agus tá sé cosúil le cleachtas na nGaelscoileanna a thugann tosaíocht ina bpolasaí iontrála do pháistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge. In Alt 5(2) d'Acht Oideachais New Brunswick, a bhaineann le teidlíocht pháistí arb í an Fhraincis a dteanga teaghlaigh rochtain a fháil ar réamhscolaíocht sa teanga sin, sonraítear:

5(2) Nuair a bhíonn amhras ar fheitheoir faoi chumas teangeolaíoch duine, féadfaidh an feitheoir cibé tástálacha a reáchtáil a mheasfaidh an tAire a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh faoi chumas teangeolaíoch an duine.

I ngach limistéar agus dúiche i gCeanada, ón uair a bhíonn páiste incháilithe d'oideachas réamhscolaíochta ina dteanga teaghlaigh, bíonn an teidlíocht sin acu i gcónaí tríd a gcuid scolaíochta, agus dearbhaíonn sé freisin go mbeidh rochtain acu ar oideachas dara leibhéal trí mheán a dteanga teaghlaigh.

Tá forálacha New Brunswick i bhfeidhm le blianta – faoi mar atá na forálacha comhchosúla i gcuid mhaith Gaelscoileanna (is é sin bualadh le páistí agus tuismitheoirí chun cuspóirí cinneadh a dhéanamh an í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh). Níl aon fhianaise i gceachtar cás faoi dheacrachtaí móra nó conspóidí agus na forálacha seo á gcur i bhfeidhm. Tá forálacha mar seo i stáit eile atá dátheangach nó ilteangach de réir an dlí, mar shampla san Fhionlainn, áit a gcinntítear sa dlí cearta chun oideachais trí mheán na Sualainnise do bhaill den phobal mionlaigh labhartha Sualainnise.

Tógadh ar a laghad cás rathúil amháin chun na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le teip stáit oideachas a chur ar fáil trí mheán a dteanga féin do bhaill de phobal mionteanga dhúchais. Sa chás an Chipir v. an Tuirc, Iarratas uimhir 25781/94 chun na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i mí na Bealtaine 2001, dhearbhaigh an chúirt gur sháraigh an Tuirc an fhoráil sa Choinbhinsiún Eorpach ar Chearta an Duine (ceart chun oideachais) i dtaca le Cipirigh Ghréigeacha a raibh cónaí orthu i dtuaisceart na Cipire sa chaoi is nach raibh aon áiseanna meánscoile Gréigise curtha ar fáil dóibh. Chinn an Chúirt go mba shéanadh cearta chun oideachais é gur éiríodh as (is é sin, gur dúnadh) meánscoileanna lán-Ghréigise.

D'fhéadfadh dúshláin lóistíochtúla agus airgeadais a bheith roimh stáit trí oideachas iomlán bunscolaíochta agus meánscolaíochta a chur ar fáil do mhionlaigh dúchais theangeolaíochta. Tá an t-ádh orainn in Éirinn, áfach, go bhfuil líonra maith scoileanna – de réir caighdeáin idirnáisiúnta – ag feidhmiú trí mheán na teanga náisiúnta neamhfhorleithne, toisc éileamh ar na scoileanna seo i measc cuid mhór den mhórdaonra. Den chuid is mó, ní fada an turas chun na Gaelscolaíochta ag páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge, go háirithe ag leibhéal na bunscolaíochta, cé go bhfuil ar chuid mhaith acu turas níos faide a dhéanamh ná an gnáth-thuras d'fhorhmór páistí scoile. Nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs idirnáisiúnta, d'fhéadfadh cuma na háiféiseachta agus na frithchéille a bheith ar shuíomh a chruthú ina gcuirí cosc ar pháistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge chun oideachas trí mheán na Gaeilge mar gheall ar chinneadh polasaí seachas mar gheall ar easpa áiseanna.

2.6 An Comhthéacs Oideachais agus Sochtheangeolaíoch in Éirinn

Ó dhearcadh an pháiste aonair ar mhionteanga í a chéad teanga, aithnítear go forleathan go bhfuil sé riachtanach don pháiste oideachas a fháil trí mheán na teanga mionlaigh úd le go mbeidh an pháiste ina dhátheangach gníomhach, go mbeidh comh-chumas aige sa teanga teaghlaigh agus i dteanga an phobail (Colin Baker, 1988; Jim Cummins, 2003).

Is páistí dátheangacha ó aois óg iad páistí a thógtar le Gaeilge, go háirithe in áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht thraidisiúnta. Is beag, faraor, an méid tacaíochta praiticiúla atá ar fáil sa phobal dá dteanga teaghlaigh: go simplí ní rogha í naíolanna lán-Ghaeilge, ceachtanna snámha ná ceoil a fháil do lapadáin, agus mar sin de, trí mheán na Gaeilge. Is le réimse an bhaile amháin den chuid is mó atá an Ghaeilge a úsáideann siad. Más trí mheán an Bhéarla atá an t-oideachas atá siad a fháil agus an sóisialú atá siad a dhéanamh, tá sé dosheachanta go dtiocfaidh laghdú ar a gcumas sa Ghaeilge, agus is minic a tharlaíonn an laghdú seo as cuimse (C. Ó Giollagáin agus S. Mac Donncha, 2007).

Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs difriúil oideachais atá ann don mhóramh páistí arb é an Béarla a dteanga dhúchais, agus an comhthéacs don mhionlach páistí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais. Ní chuirfear cosc ar pháistí in Éirinn ar cainteoirí dúchais Béarla iad oideachas a fháil trína dteanga dhúchais toisc athruithe a dhéanamh ar an bpolasaí iontrála scoile. Páistí a labhraíonn an Béarla mar theanga dhúchais agus a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Bhéarla, baineann siad litearthacht agus inniúlacht iomlán amach ina dteanga dhúchais. Páistí a labhraíonn an Béarla mar theanga dhúchais agus a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna, baineann siad freisin litearthacht agus inniúlacht amach sa Bhéarla. Tarlaíonn sé seo toisc an caighdeán ard teagaisc Béarla i nGaelscoileanna, toisc an fhíric go bhfuil inniúlacht cainteora dúchais ag na múinteoirí agus ag formhór na ndaltaí araon, agus toisc go bhfuil líofacht sa teanga fiú ag páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge. Tá difríochtaí móra ann, áfach, idir torthaí oideachasúla páistí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, ag brath ar cé acu an bhfuil siad ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge, nó oideachas trí mheán an Bhéarla. Níl aon bhealach go n-éireoidh le páistí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais litearthacht agus inniúlacht iomlán a bhaint amach ina dteanga dhúchais má chuirtear iallach ar na páistí oideachas a fháil trí mheán an Bhéarla, áit a bhfuil an Ghaeilge á múineadh mar dhara teanga agus inar minic Gaeilge níos fearr a bheith ag an bpáiste ná ag an múinteoir. Bheadh sé ar nós a bheith ag súil leis go n-éireoidh le páistí arb é an Béarla a dteanga dhúchais bheith go hiomlán liteartha sa Bhéarla trí fhreastal ar scoil sa Fhrainc ina múintear an Béarla mar theanga iasachta amháin agus nach cainteoirí líofa Béarla iad na múinteoirí Béarla. Mar sin, bheadh cuma na háiféiseachta air dá

dtiocfadh sé chun cinn go gcuirfí cosc ar chainteoirí dúchais Gaeilge freastal ar bhunscolaíocht agus meánscolaíocht lán-Ghaeilge.

Ba mhó an éagóir arís dá gcuirfí as an áireamh ó scolaíocht lán-Ghaeilge páistí arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh agus a bhfuil deacracht foghlama acu. Ní leithcheal ar bonn inniúlachta iad forálacha a thugann tosaíocht iontrála do pháistí arb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh – is é fírinne an scéil go gcinntíonn siad nach ndéantar leithcheal ar pháistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad a bhfuil deacracht foghlama acu.

Is mionlach fíorbheag laistigh de dhaonra Gaelscoile iad páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad. Tá neart fianaise ann, ar ndóigh, a léiríonn go dtógann páistí ar fhoghlaím páistí eile (L. Vygotsky, 1978), lena n-áirítear foghlaim teangacha (N. Blanc et al, 2012). Is áis thábhachtach theangeolaíochta dá bpiaraí (ar dara teanga dóibh í an Ghaeilge) iad páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad i scoileanna lán-Ghaeilge.

Ní mór do rialtas na hÉireann a chinntiú go bhfuil polasaithe iontrála – atá dírithe ar chomhionannas agus ilghnéitheacht a chur chun cinn san oideachas – go gcuireann siad san áireamh riachtanais agus cearta teangeolaíochta grúpaí mionlaigh, lena n-áirítear an grúpa mionlaigh dúchais páistí ar cainteoirí Gaeilge iad.

2.7 An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016

Tháinig Cearta Oideachais le chéile don aon chuspóir amháin agus is é sin stocaireacht a dhéanamh ar chearta oideachais páistí arb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga teaghlaigh. Ar an gcúis sin, táimid ag lorg leasuithe a bheadh dírithe amháin ar aghaidh a thabhairt ar chearta na bpáistí seo inniúlacht agus litearthacht iomlán a bhaint amach ina dteanga dhúchais.

Tugann an bille a foilsíodh ar 8 Iúil 2016 an chumhacht don Aire Oideachais rialacháin áirithe a thabhairt isteach a d'fhéadfadh, go héifeachtach, cosc a chur ar scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt ina bpolasaí iontrála do pháistí a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh.

Tugann Alt 64 den Bille cumhacht don Aire 'rialacháin a dhéanamh chun cuspóirí beartais iontrála a ullmhú agus a fhoilsiú ag scoileanna agus iontráil chun scoile a thabhairt do dhaltáí.' Agus na rialacháin seo á ndéanamh, d'fhéadfadh an tAire sonrú a dhéanamh maidir le 'critéir áirithe roghnúcháin a mbeidh cosc ar scoileanna a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhfuil líon na

ndaltaí atá ag lorg iontrála chun na scoile níos mó ná an líon áiteanna a chuirfear ar fáil ag an scoil.' San áireamh sna critéir roghnúcháin a bhféadfadh an tAire cosc a chur orthu, tá 'cumas acadúil, scileanna, nó inniúlacht dalta'. Táimid buartha go bhféadfaí ciall a bhaint as an bhfoclaíocht seo lena bhféadfaí a chur san áireamh measúnú ar pháistí atá á dtógáil le Gaeilge an teanga sin a labhairt agus a thuiscint. Sna critéir roghnúcháin eile a bhféadfadh an tAire cosc a chur orthu tá 'riachtanas go bhfreastalódh dalta, nó a t(h)uismitheoirí, ar agallamh, lá oscailte nó ar chruinniú eile mar choinníoll chun iontrála;' Chuirfeadh a leithéid de thoirmeasc cosc éifeachtach ar an aon mhodh praiticiúil amháin trínar féidir le scoileanna lán-Ghaeilge páistí a aithint atá á dtógáil le Gaeilge ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt dóibh ina bpolasaí rollaithe. Agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar tí polasaí nua a sheoladh don Oideachas Gaeltachta ina dtabharfar cosaint do chearta cainteoirí dúchais sa Ghaeltacht chun scolaíocht lán-Ghaeilge, bheadh cuma éagórach air go bhfuil maolú á dhéanamh ar chearta cainteoirí eile dúchais de bhrí a n-áit chónaithe.

Áitíonn Cearta Oideachais, mar sin, gur gá an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 a leasú le cearta oideachasúla páistí a labhraíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh a chinntiú. An cuspóir lena leithéid de leasú nó leasuithe ná a chinntiú go mbeidh sé ceadaithe do bhunscoil lán-Ghaeilge a thugann tosaíocht ina polasaí iontrála do pháistí a labhraíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga teaghlaigh, go mbeidh sé ceadaithe a iarraidh go bhfreastalódh an páiste agus duine dá t(h)uismitheoirí ar chruinniú, sa chás go dteastaíonn freastal ar an gcruinniú le cinntiú gurb í an Ghaeilge príomhtheanga teaghlaigh an pháiste agus an tuismitheora, agus nach n-úsáidtear faisnéis ón gcruinniú chun cuspóirí eile. Molaimid freisin go leasaítear an bille le cinntiú go mbeidh sé ceadaithe freisin d'iar-bhunscoil lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt ina polasaí iontrála do dhaltaí a bhfuil sé deimhnithe ag bhunscoil lán-Ghaeilge go labhraíonn an dalta an Ghaeilge mar phríomhtheanga teaghlaigh. Tá ár leasuithe molta leagtha amach in Aguisín 1.

Creidimid go bhfuil an tsamhail atáimid a mholadh ar an mbealach is simplí agus is éifeachtaí chun déileáil le riachtanais oideachasúla páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad i gcomhthéacs Polasaí Iontrála scoileanna. Tá sé bunaithe ar an gcleachtas reatha is fearr ag bunleibhéal nó ag leibhéal réamhscolaíochta in Éirinn agus in New Brunswick. Tá an dara cuid de nuálach i gcomhthéacs na hÉireann agus tá sé bunaithe ar an dea-chleachtas reatha is fearr sna limistéir agus dúichí ar fad i gCeanada. Tá sé i bhfad níos éasca agus níos praiticiúla teanga teaghlaigh páistí réamhscoile a dhearbhu ná mar atá sé páistí atá ag iarraidh clárú i meánscoileanna, agus is ar an ábhar sin atá sé ciallmhar go leanfadh an teidlíocht seo an páiste de réir mar a bhogann sé nó sí go dtí an dara leibhéal.

Cur chuige eile a dtabharfadh Cearta Oideachais tacaíocht dó ná an fhreagracht maidir le teanga teaghlaigh na bpáistí a dhearbhu a aistriú chuig comhlacht a bheadh neamhspleách ar na scoileanna. D'fhéadfaí é seo a shamhlú ar 'Scéim Labhairt na Gaeilge' atá anois as úsáid ach a bhí á riar (ar bhealaí éagsúla) i limistéir Gaeltachta ag Roinn na Gaeltachta leis na scórtha bliain. An buntáiste lena leithéid de shamhail ná go mbainfeadh sé an bhraistint gur 'scothroghnú' a bheith ar siúl ag scoileanna.

Ní bheadh sna leasuithe atáimid a mholadh ach foráil theoranta nach mbeadh éifeacht aici ach ar 3% de na háiteanna i nGaelscoileanna, agus dá réir is lú ar fad an tionchar a bheadh aige ar an reachtaíocht nua iontrála agus ar na rialacháin.

Tuigimid gur prionsabal tábhachtach a chuireann bonn faoin reachtaíocht nua é fáil réidh le 'constaicí boga' roimh pháistí ó ghrúpaí éagsúla mionlaigh agus eitneacha agus roimh pháistí atá faoi mhíchumais fhisiceacha nó intleachta. Táimid aireach freisin gan aon chonstaicí nua a chruthú in aon bhealach. Dá dtabharfaí feidhm do leasuithe a bheadh bunaithe ar an bhfoirmle thuasluaite againn, creidimid go gcuirfeadh siad srian chomh mór sin lena leithéid a tharlú gur fánach tionchar a bheith acu. Is cleachtas bunaithe é i nGaelscoileanna agus go hidirnáisiúnta bualadh le tuismitheoirí agus le páistí chun dearbhú gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh, mar a bhfuil achoimre air thuas i mórán comhthéacsanna idirnáisiúnta. Mar a léirítear inár dtaighde, táimid ag caint ar líon fíortheoranta páistí a bheadh riamh in ann úsáid a bhaint as tosaíocht dá leithéid in aon bhliain amháin.

2.8 Tuiscont a fháil ar ról na nGaelscoileanna

Sular tháinig an méadú as cuimse ar réim na nGaelscoileanna le blianta beaga anuas, ba ghnách na scoileanna seo a bheith bunaithe trí iarrachtaí ag teaghlaigh lán-Ghaeilge a bhí ag iarraidh oideachas trí mheán na Gaeilge a thabhairt dá bpáistí. Ón tús, áfach, chuir na scoileanna seo fáilte roimh pháistí ó theaghlaigh nárbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga le meon na cuimsitheacht agus le fonn an Ghaeilge a roinnt le cách. Is páistí, garpháistí nó fiú páistí gharpháistí na glúine seo a bhunaigh na scoileanna seo iad cuid de bhaill Chearta Oideachais. Creidimid gurb iad na scoileanna seo is cúis leis an seachadadh rathúil teanga ó ghlúin go glúin in ainneoin na gcúinsí neamhfhabhracha teangeolaíocha. Is cosúil dúinne go ndéanfaí éagóir mhór dá gcuirfí cosc ar an nglúin reatha teaghlaigh lán-Ghaeilge ón oideachas trí mheán na Gaeilge, rud ar oibrigh an ghlúin roimhe air le cinntiú go gcuirfí an t-oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil dóibh. Toisc gur beag an céatadán páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna, ní chuirfí cosc ar pholasaithe uileghabhálacha réasúnta iontrála dá gcuirfí forálacha i bhfeidhm a chinnteodh cearta na bpáistí seo chun oideachas trína dteanga dhúchais.

3 Conclúid

Glactar leis go forleathan nár sroicheadh ina n-iomláine cuspóirí an pholasáí Gaeilge sa tír seo ó bunaíodh an stát. Is éard a choinníonn an teanga ag maireachtáil ná tiomantas na dteaghlach ar fud na tíre a leanann orthu ag labhairt na Gaeilge sa bhaile in ainneoin go gcónaíonn siad i dtimpeallacht lán-Bhéarla. Den chuid is mó is tuismitheoirí muid ar thug ár dtuismitheoirí ár nGaeilge dúinn agus táimid ag iarraidh an oidhreacht seo a bhronnadh ar ár bpáistí. Creidimid gur mór an buntáiste é seo don sochaí in Éirinn i dtéarmaí ilchineálacht cultúrtha agus féiniúlachta. Gan teaghlaigh ag labhairt na teanga, níl aon teanga ann. Le cinntiú go maireann an Ghaeilge mar theanga bheo agus mar theanga a labhraítear sa teaghlach, ní mór go dtabharfadh ár gcóras oideachais tacaíocht di agus ní mór go bhfaigheadh páistí a thógtar le Gaeilge a gcuid oideachais i gcónaí trí mheán na Gaeilge.

4 Aguisín 1

Leasuithe molta ar an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016

Cuir isteach i ndiaidh 61(2)(b)

“(c) a school which teaches through the medium of Irish, and which gives priority in its admission policy to students who speak Irish as a home language, the admission statement of the school shall include a statement that the school does not discriminate in relation to the admission of students where it admits a student who has Irish as a home language in preference to others whose home language is not Irish.”

Cuir isteach i ndiaidh 64(3)(d)(vi):

“(vii) Nothing in this subsection shall prohibit a primary school which teaches through the medium of Irish from giving priority in its admissions policy to students who speak Irish as a home language and from requiring that such a student and one of his or her parents or legal guardians should attend an assesment, the sole purpose of which would be to determine whether Irish is the primary language of communication between that parent and child.

(viii) Nothing in this subsection shall prohibit a post primary school which teaches through the medium of Irish from giving priority in its admissions policy to a student who has previously been determined by a primary school in accordance with 64(3)(d)(vii) to be a student with Irish as a home language.